**ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014**

**CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA**
**NACH bhFUIL SCAIRCHAIPITEAL AICI**

# BUNREACHT

de chuid

# ÓGRAS
**(Leasuithe i Mí an Mhárta 2024)**

## MEABHRÁN COMHLACHAIS

1. **Ainm**

   Is é ainm na Cuideachta ÓGRAS.

2. **Saghas na cuideachta**

   Cuideachta atá inti atá faoi theorainn ráthaíochta, atá cláraithe faoi *Chuid 18* d*'Acht na gCuideachtaí 2014*.

3. **Príomhchuspóir**

   Ar an gcoinníoll nach n-úsáidfidh an Chuideachta a cistí féin chun tacú le cuspóir nó nach ndéanfaidh sí iarracht rialachán nó srian ar bith a fhorchur ar a comhaltaí nó ar dhaoine eile, nó nach gcinnteoidh sí go gcloíonn a comhaltaí nó daoine eile le rialachán nó srian ar bith, a chruthódh ceardchumann as an gCuideachta agus iad mar chuspóir aici, is iad na príomhchuspóirí dá mbunaíodh an Chuideachta (na "Príomhchuspóir")

   - Suíomhanna a chur ar fáil a thugann misneach do dhaoine óga páirt ghníomhach a thógail i bpobal spraoiúil, comhaimseartha labhartha na Gaeilge.

   - Clár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge a spreagann machnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta.

4. **Cumhachtaí**

Beidh na cumhachtaí a leanas ag an gCuideachta, anuas ar na cumhachtaí a bhronn an dlí uirthi, nach bhfuil ach ina gcumhachtaí coimhdeacha agus ina bhfochumhachtaí leis na Príomhchuspóirí agus ní féidir ach na cumhachtaí siúd a fheidhmiú agus na Príomhchuspóirí á gcur chun cinn. Tá aon ioncam a ghin feidhmiú na gcumhachtaí seo le cur i bhfeidhm ar chur chun cinn na bPríomhchuspóirí:

4.1 Chun aon tabhartas maoine d'aon chineál agus aon réadtiomnú, leagáid nó bliantacht, suibscríbhinn, bronntanas, ranníocaíocht nó ciste a iarraidh agus a sholáthar agus a ghlacadh agus a fháil, ina measc trí mheán párolla a thabhairt nó trí shocruithe comhchosúla eile, agus lena n-áirítear (ach gan teorainn a leagan ar ghinearáltacht an mhéid thuas), crannchuir a chur ar bun i gcomhréir leis an dlí ar mhaithe leis na bPríomhchuspóirí a chur chun cinn, agus an caipiteal, anuas ar ioncam ó aon leagáid, tabhartas nó ciste den saghas sin a chur i bhfeidhm ar an gcuspóir sin.

4.2 Aon iontaobhais charthanúla a ghabháil de láimh, a ghlacadh, a fhorghníomhú agus a riar, gan luach saothair.

4.3 Aon chomhlachas nó institiúid, iontaobhas nó ciste carthanúil a bhunú agus tacú leo nó cabhrú leo ina mbunú, agus chun airgead a shuibscríobh nó a ráthú d'aon chuspóir carthanúil a mheasfaidh an Chuideachta a rinneadh a ríomh chun a Phríomhchuspóirí a chur chun cinn.

4.4 Ranníocaíochtaí, tabhartais nó tiomnachtaí deonacha nó airgead a bhailiú agus a fháil atá dírithe ar na cuspóirí thuasluaite.

4.5 Iarratas a dhéanamh thar ceann na Cuideachta ar aon údarás, bíodh údarás rialtais, áitiúil, daonchairdiúil nó eile i gceist leis, ar chistiú airgeadais d'aon sórt.

4.6 Aon Acht den Oireachtas nó reachtaíocht eile a bhaineann go díreach le cur chun cinn na bPríomhchuspóirí a chur i bhfeidhm, a achainí nó a chur chun cinn.

4.7 Faoi réir chlásal 5, chun an fhoireann sin a fostú, agus ar na téarma siúd, atá riachtanach nó inmhianaithe ar mhaithe leis na Príomhchuspóirí a chur chun cinn i gceart.

4.8 Chun pinsean, aiscí, liúntais nó cúnamh carthanúil a dheonú d'aon duine a d'fhéadfadh a sheirbheáil leis an gCuideachta mar fhostaí, nó do mhná céile, fir chéile, leanaí nó cleithiúnaithe eile an duine sin a fhad agus nach sáróidh na pinsin, aiscí, liúntais nó an cúnamh carthanúil sin é sin a fhoráiltear i scéim pinsin atá cumhdaithe ag Cuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 agus a fhad gur oibrigh an Chuideachta an scéim pinsin sin agus go raibh tairbhí na bpinsean, na n-aiscí, na liúntas nó an chúnaimh charthanúil, nó a gcéile nó a dtuismitheoir, ina c(h)omhalta den scéim pinsin fad a bhí sé/sí fostaithe ag an gCuideachta; agus chun íocaíochtaí a dhéanamh i dtreo árachais agus chun cistí coigiltis agus sochair a fhoirmiú agus cur leo ar mhaithe le haon duine atá fostaithe ag an gCuideachta agus chun airgead a shuibscríobh nó a ráthú do chuspóirí carthanúla.

4.9 Aon réadmhaoin, paitinní, cóipchearta, ceadúnais, cearta agus pribhléidí nó aon eastát nó leas, dá laghad, agus aon chearta, pribhléidí agus éasúintí ar nó maidir le haon mhaoin a cheannach, a ghlacadh ar léas nó mar mhalairt, ar fruiliú nó a fháil ar bhealach eile a d'fhéadfaí a mheas atá riachtanach ar mhaithe le cuspóirí na Cuideachta agus chun aon talamh a fuair an Chuideachta nó a bhfuil leas aici inti a fhorbairt agus a úsáid nó brabús a bhaint astu agus, go háirithe, tríd an gcéanna a leagan amach agus a ullmhú ar mhaithe le foirgnimh agus áiseanna a thógáil, a athrú, a tharraingt anuas, a mhaisiú, a chothabháil, a fheistiú suas agus trí chur, pábháil, draenáil, feirmeoireacht, saothrú, ligean nó léasanna foirgnimh nó trí chomhaontú tógála agus trí airgead a réamhíoc le agus iontráil isteach i gconarthaí agus socruithe do gach cineál le tógálaithe, tionóntaí agus le daoine eile.

4.10 Aon chuid de mhaoin na Cuideachta a fháil, a shealbhú, a dhíol, a bhainistiú, a ligean ar léas, a mhorgáistiú, a mhalartú nó a dhiúscairt d'fhonn Príomhchuspóirí na Cuideachta a chur chun cinn, a chosaint nó a spreagadh agus chun infheistíochtaí a éagsúlú.

4.11 Comhoibriú le haon chumann nó institiúid eile i dtabhairt faoi aon infheistíochtaí a údaraítear leis seo chun na Príomhchuspóirí a chur chun cinn.

4.12 Airgead a fháil ar iasacht agus a thiomsú ar an mbealach sin a d’fhéadfaí a mheas gurb ionann é agus caoithiúil, agus chun bintiúir, stoc bintiúir agus urrúis eile a eisiúint, agus ar mhaithe le haon fhiachas nó oibleagáid eile den Chuideachta a chur faoi urrús chun maoin uile nó aon chuid de mhaoin reatha nó amach anseo na Cuideachta a mhorgáistiú nó a mhuirearú agus a mhorgáistiú nó a mhuirearú go comhthaobhach nó de bhreis ar aon urrúis de chuid na Cuideachta trí ghníomhas iontaobhais nó trí dhearbhú eile.

4.13 Airgead agus maoin na Cuideachta nach dteastaíonn láithreach bonn a infheistiú agus déileáil leo ar an mbealach sin is éifeachtaí a sholáthróidh cistí chun na cuspóirí thuasluaite a chothú agus a chur chun cinn agus áireofar leis an gcumhacht seo an chumhacht chun aon infheistíochtaí a athrú a rinneadh fúthu, ó thráth go tráth.

4.14 Aon airgead de chuid na Cuideachta a infheistiú ar na bealaí siúd a mheasann na Stiúrthóirí is inmhianaithe nach dteastaíonn láithreach bonn lena úsáid maidir lena Príomhchuspóirí agus chun aon airgead den sórt sin a thaisceadh le baincéirí agus le daoine eile; faoi réir, mar sin féin, go ndéantar infheistíochtaí faoi na coinníollacha siúd (más ann dóibh) agus an toiliú sin (más ann dó) a d’fhéadfaí a cheangal nó a fhorchur sa dlí agus faoi réir, chomh maith leis sin, an méid a fhoráiltear anseo thíos; tá cead roimh ré le fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim sa chás go mbeartaíonn an Chuideachta chun cistí a charnadh i gcaitheamh tréimhse os cionn dhá bhliain d’aon chuspóirí.

4.15 Tabhairt faoi na //oibleagáidí agus aisíocaíocht nó íocaíocht na bpríomhshuimeanna agus ús aon duine, ghnóthais nó cuideachta nó díbhinní nó ús aon urrús, ina measc (gan dochar a dhéanamh do chineál ginearálta an mhéid thuas) aon chuideachta arb í cuideachta sealbhaíochta na Cuideachta nó fochuideachta nó cuideachta ghaolmhar de chuid na Cuideachta, a ráthú, tacú leo nó a chur faoi urrús, cé acu trí chúnant pearsanta nó trí cheangaltas, maoin agus sócmhainní (reatha agus amach anseo) go léir nó aon chuid díobh de chuid na Cuideachta a mhorgáistiú nó a mhuirearú.

4.16 Billí malartaithe, nótaí gealltanais, billí luchta, barántais, bintiúir agus ionstraimí soshannta nó inaistrithe eile a dhréachtú, a ghlacadh, a dhéanamh, a fhormhuiniú, a lascainiú, a fhorghníomhú, a eisiúint agus a aistriú.

4.17 Chun maoin na Cuideachta a árachú i gcoinne aon riosca intuartha ar a luach iomlán agus polasaithe eile árachais a ghlacadh chun an Chuideachta a chosaint, nuair a bhíonn gá leo.

4.18 Aon duine de na Stiúrthóirí, nó na Stiúrthóirí go léir, a árachú i gcoinne dliteanas pearsanta a thabhaítear maidir le haon ghníomh nó easnamh arb ionann é agus sárú ar iontaobhas nó sárú ar dhualgas nó a líomhnaítear gurb ionann é agus sárú ar iontaobhas nó sárú ar dhualgas, a fhad agus a ghníomhaigh sé nó sí le dea-intinn agus i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar iontaobhaí carthanais (faoi mar a shainmhínítear in Acht na gCarthanas 2009).

4.19 Iarratas a dhéanamh ar aon phaitinní, brevet d’invention, ceadúnais, lamháltais agus a leithéid agus iad a cheannach nó a fháil ar bhealach eile a bhronnann aon chearta eisiacha nó neamheisiacha nó teoranta ar úsáid nó aon fhaisnéis rúnda nó eile maidir le haon aireagán ar dhealraitheach go bhféadfaí é a úsáid d’aon cheann de chuspóirí na Cuideachta nó chun aon cheann de chuspóirí siúd a fháil, a bhféadfadh go bhfuil an dealramh air go ndearnadh iad a ríomh go díreach nó go hindíreach chun dul chun sochair na Cuideachta, agus chun ceadúnais a úsáid, a fheidhmiú, a fhorbairt nó a dheonú maidir le maoin, cearta nó faisnéis a fuarthas ar an mbealach sin nó chun úsáid nó brabús a bhaint as an maoin, cearta nó faisnéis sin.

4.20 Glacadh leis an mbealach sin chun táirgí agus/nó seirbhísí na Cuideachta a chur in iúl is dealraitheach is caoithiúil agus go háirithe, trí fhógraíocht sna nuachtáin, trí chiorcláin, trí shaothair ealaíne nó shuime a cheannach nó a thaispeáint, trí leabhair agus tréimhseacháin a fhoilsiú agus tríd an idirlíon agus trí dhuaiseanna, luaíochtaí agus tabhartais a dheonú.

4.21 Fóntais phoiblí a choimeád, a fheabhsú nó a sholáthar, ina measc áiseanna áineasa, cúram leanaí, sláinte poiblí, baile, áiseanna leasa agus óige, go ginearálta.

4.22 Iontráil in aon socruithe le haon rialtais nó údaráis, bíodh siad ina rialtais nó údaráis arda, bardasacha, áitiúla nó eile a bhféadfadh gur dhealraitheach go gcuirfidís na Príomhchuspóirí chun cinn agus chun aon chearta, pribhléidí agus lamháltais a fháil ón rialtas nó údarás sin a fhéadfaidh an Chuideachta a mheas is inmhianaithe chun tabhairt faoi aon socruithe, cearta, pribhléidí agus lamháltais den saghas sin agus iad a fheidhmiú a chomhlíonadh.

4.23 Iontráil i gcomhpháirtíocht nó in aon chomhaontú le haghaidh brabúis a roinnt, leas a aontú, comhoibriú, comhfhiontair, lamháltas cómhalartach nó ar bhealach eile le haon duine, cuideachta, cumann, iontaobhas nó comhpháirtíocht eile a bhfuil a gcuspóirí go hiomlán carthanúil, a dtugann a gcuspóirí faoi, nó a bhfuil a gcuspóirí ar tí tabhairt faoi, aon ghnó nó idirbheart ar féidir tabhairt faoi d'fhonn dul chun sochair na Cuideachta go díreach nó go hindíreach agus a chuireann toirmeasc ar dháileadh ioncaim agus sócmhainní dá mhéid, dá laghad, de bhun Chlásal 5 anseo istigh agus chun conarthaí na Cuideachta a ráthú, go gcabhraíonn an Chuideachta, ar bhealach eile, le haon duine, cuideachta, cumann, iontaobhas nó comhpháirtíocht eile sin, agus chun scaireanna, stoc, bintiúir, nó stoc bintiúir agus urrúis aon duine, cuideachta, cumainn, iontaobhais nó comhpháirtíochta sin a tháthcheangal nó a fháil ar bhealach eile, agus chun an céanna a dhíol, a shealbhú, a atheisiúint le ráthaíocht nó gan ráthaíocht nó chun déileáil leis an gcéanna ar bhealach eile.

4.24 Clárú nó corprú na Cuideachta a thabhairt chun críche i ndlíthe nó faoi dhlite aon áite lasmuigh d'Éirinn.

4.25 Tabhairt faoi, ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile, aon trádáil nó gnó a bhféadfadh an Chuideachta a// tabhairt faoi ar bhealach buntáisteach, i dtuairim na Stiúrthóirí, i dtaca le nó anuas ar aon cheann de ghnóthaí nó de ghnó ginearálta na Cuideachta i dtabhairt faoi na Príomhchuspóirí.

4.26 Aon chistí, comhlachais nó institiúidí a bhunú, a fhóirdheonú agus cabhrú leo a dheimhnítear a chuireann na Príomhchuspóirí chun cinn nó a thugann cúnamh dó.

4.27 Ceangail a bhunú agus a choimeád le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta a bhfuil a mhacasamhail de chuspóirí acu.

4.28 Gach rud dlíthiúil eile sin a dhéanamh a mheasfaidh an Chuideachta bheith teagmhasach le agus a chuidíonn leis na Príomhchuspóirí thuasluaite.

4.29 Chun gach ceann de na rudaí agus na ceisteanna a thuasluaitear, nó aon chinn díobh, a dhéanamh in aon chuid den domhan agus mar phríomhoifigigh, gníomhairí, conraitheoirí, iontaobhaithe nó mar dhaoine eile agus trí iontaobhaithe, gníomhairí nó daoine eile agus cé acu ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile.

**A FHAD:**

(a) i gcás go nglacfaidh an Chuideachta aon mhaoin i seilbh nó go sealbhaíonn sí aon mhaoin a d'fhéadfadh bheith faoi réir aon iontaobhas, ní dhéileálfaidh an Chuideachta le nó ní infheisteoidh an Chuideachta an céanna ach ar an mbealach sin a cheadaítear sa dlí agus aird ar na hiontaobhais siúd;

(b) ní mheasfar go gcuirtear san áireamh in aon rud a chuimsítear anseo thuas aon chuspóirí nach bhfuil carthanúil i gcomhréir leis an dlí sna cuspóirí dá mbunaíodh an Chuideachta.

5. **Ioncam agus Maoin**

5.1 Ní chuirfear ioncam agus maoin na Cuideachta i bhfeidhm ach i dtreo chur i bhfeidhm an Phríomhchuspóra/na bPríomhchuspóirí amháin, faoi mar a leagtar amach iad sa Bhunreacht seo. Ní dhéanfar aon sciar d'ioncam agus de mhaoin na Cuideachta a íoc nó a aistriú go díreach nó go hindíreach trí dhíbhinn, bónais nó ar bhealach eile cibé caoi trí bhrabús do comhaltaí na Cuideachta.

5.2 Ní cheapfar aon Stiúrthóir le haon oifig na Cuideachta a n-íoctar tuarastal nó táillí leis an oifig sin, nó ní bhfaighidh aon Stiúrthóir aon luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid ón gCuideachta. Ní cuirfidh aon ní cosc ar an gCuideachta, áfach, na nithe a leanas a íoc le hintinn mhaith:

(a) luach saothair réasúnta agus cuí le haon chomhalta nó seirbhíseach den Cuideachta (nach Stiúrthóir é/í) as aon seirbhísí a soláthraíodh don Chuideachta;

(b) ús ar ráta nach sáraíonn 1% os cionn Ráta Táirgthe Idirbhainc an Euro (Euribor) sa bhliain ar airgead a thug Stiúrthóirí nó comhaltaí eile den Chuideachta ar iasacht leis an gCuideachta;

(c) cíos réasúnta agus chuí ar an áitreabh a lig aon chomhalta den Chuideachta ar fhorléas agus ar léas (aon Stiúrthóir san áireamh) leis an gCuideachta;

(d) costais réasúnta agus cuí as póca a thabhaíonn aon Stiúrthóir maidir lena f(h)reastal ar aon cheist a imríonn tionchar ar an gCuideachta;

(e) táillí, luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid le haon chuideachta a bhféadfadh Stiúrthóir bheith ina c(h)omhalta di nach sealbhaíonn breis agus an céadú cuid de chaipiteal eisithe na cuideachta sin;

(f) aon íocaíocht a dhéanamh le duine de bhun comhaontú inar iontráladh i gcomhlíonadh alt 89 d'Acht na gCarthanas 2009 (i gcaitheamh an trátha a bhíonn sé leasaithe, sínte nó ionadaithe).

(g) íocaíocht le cuideachta a d'fhéadfadh comhaltaí a bheith aici ar an mBord, ar an gComhairle nó ar an gCoiste nach bhfuil ach 1% de chaipiteal na cuideachta ina s(h)eilbh aige nó aici, comhalta nach gá dó nó di an méid brabús a fhaigheann sé nó sí a mhíniú, brabúis a d'fhéadfadh sé nó sí a fháil i leith íocaíochta den saghas sin.

6. **Breisiúcháin, athruithe nó leasuithe**

Ní mór don Cuideachta a chinntiú go bhfuil cóip ag an Rialtóir Carthanas dá Bunreacht is déanaí. Má bheartaítear leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Cuideachta óna dteastaíonn faomhadh roimh ré a fháil ón Rialtóir Carthanas, ní mór fógra roimh ré a thabhairt, i scríbhinn, faoi na hathruithe beartaithe don Rialtóir Carthanas chun iad a fhaomhadh, agus ní chuirfear an leasú i bhfeidhm go dtí go bhfaightear an faomhadh sin.
Ní dhéanfar forálacha Alt 5 agus 7 den mheabhrán comhlachais a leasú agus ní dhéanfar an meabhrán agus na hairteagail comhlachais a leasú sa mhéid go n-athróidh siad an toradh a bhaineann le hAilt 5 agus 7 den mheabhrán comhlachais, i mbealach nach gcloifí le ceanglais Ailt 971/1180 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

7. **Foirceannadh**

Más ann d'aon mhaoin, dá laghad, i ndiaidh gach dliteanas agus fiachas a shásamh, ní íocfar í nó ní dhéanfar í a dháileadh i measc comhaltaí na Cuideachta, ar fhoirceannadh nó ar dhíscaoileadh na Cuideachta. Ina ionad sin, déanfar an mhaoin sin a thabhairt nó a aistriú chuig cuideachta nó cuideachtaí eile (gurb institiúid charthanúil í nó institiúidí carthanúla iad) a bhfuil príomhchuspóirí acu atá macasamhail phríomhchuspóirí na Cuideachta. Cuirfidh an chuideachta nó cuideachtaí (gurb institiúid

charthanúil í nó institiúidí carthanúla iad), a bhfuil an mhaoin le tabhairt di nó dóibh nó a aistriú chuici nó chucu, cosc ar dháileadh a n-ioncaim agus a maoine i measc a gcomhaltaí dá mhéid sin, ar a laghad, a ghearrann an Chuideachta faoi nó de bhua Chlásal 5 anseo istigh. Roghnóidh comhaltaí na Cuideachta an chuideachta nó cuideachtaí (gurb

institiúid charthanúil í nó institiúidí carthanúla iad) ag nó roimh thráth an díscaoilte, agus mura féidir agus dá mhéid nach féidir éifeacht a thabhairt do na forálacha siúd, tabharfar nó aistreofar an mhaoin chuig cuspóir carthanúil áirithe i ndiaidh chomhaontú an Rialtóra Carthanas a fháil. Ullmhófar agus seolfar ar aghaidh cuntais deiridh, lena n-áireofar mír a shainaithníonn agus a dhéanann luacháil ar aon sócmhainní a aistrítear mar aon leis na sonraí faoi na faighteoirí agus téarmaí an aistrithe.

8. **Dliteanas Teoranta**

Tá dliteanas na gcomhaltaí teoranta.

9. **Gealladh chun Ranníocaíocht a dhéanamh**

Geallann gach comhalta den Chuideachta chun ranníoc le sócmhainní na Cuideachta, má dhéantar an Chuideachta a fhoirceannadh fad a bhíonn sé nó sí ina c(h)omhalta nó má dhéantar an Chuideachta a fhoirceannadh laistigh de bhliain amháin i ndiaidh an dáta nach comhalta é/í den Chuideachta a thuilleadh,

(a) chun fiachais agus dliteanais na Cuideachta a íoc a conraíodh sula gcuirtear deireadh leis nó léi bheith mar chomhalta a thuilleadh, agus chun costais, muirir agus speansais a bhaineann le foirceannadh a íoc; agus

(b) coigeartú chearta na ranníocóirí ina measc féin,
den tsuim sin a d’fhéadfadh bheith ag teastáil, nach sáraíonn €1, a íoc.

10. **Stiúrthóirí**

Is é triúr íoslíon na stiúrthóirí nach bhfuil gaolta lena chéile agus atá neamhspleách ar a chéile.

## Airteagail Chomhlachais

## Réamhráiteach

1. Sna hAirteagail seo,

ciallaíonn '**an tAcht**' Acht na gCuideachtaí, 2014;

ciallaíonn '**an Chuideachta**' an Chuideachta a ainmnítear thuas;

ciallaíonn an '**Bord**' comhaltaí de thuras na huaire Bhord na Stiúrthóirí arna bhunú leis seo;

ciallaíonn '**na Stiúrthóirí**' stiúrthóirí de thuras na huaire na Cuideachta, nó na Stiúrthóirí atá i láthair ag cruinniú de Bhord na Stiúrthóirí agus áirítear leis aon duine atá in áit Stiúrthóra cibé ainm a ghairfear dó;

ciallaíonn '**an Rúnaí**' aon duine a cheaptar chun tabhairt faoi dhualgais Rúnaí na Cuideachta;

ciallaíonn '**an Séala'** Séala Coiteann na Cuideachta;

ciallaíonn '**an Oifig'** oifig chláraithe de thuras na huaire na Cuideachta;

2. Déanfar abairtí a thagraíonn do scríbhinn a fhorléiriú, mura léir a mhalairt d'intinn, mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chlódóireacht, liotagrafaíocht, fótagrafaíocht, meáin dhigiteacha agus aon mhodhanna eile chun focail a mhacasamhlú nó a atáirgeadh i bhfoirm infheicthe.

Mura léir a mhalairt d'intinn, beidh le focail nó abairtí atá sna rialacháin seo an bhrí chéanna atá leo san Acht nó in aon mhodhnú reachtúil air a bheidh i bhfeidhm ar an dáta a thiocfaidh na rialacháin seo chun bheith ina gceangal ar an gcuideachta.

## COMHALTAÍ

1) Chun críocha cláraithe dearbhaítear gur seachtar is líon Comhaltaí na Cuideachta ach féadfaidh an Chuideachta ó am go ham an líon stiúrthóirí a mhéadú.

2) Is iad a bheidh ina gcomhaltaí den chuideachta, suibscríobhaithe Bhunreacht na Cuideachta agus cibé duine eile a nglacfar leo mar chomhaltaí de réir na nAirteagal seo, agus a shíneoidh toiliú i scríbhinn chun bheith ina gcomhaltaí.

Is iad a bheidh ina gcomhaltaí
(i) Ceannairí agus comhaltaí de chuid Ógras;
(ii) Ceannairí de chuid Óg-Ógras;
(iii) Ionadaithe ó Chonradh na Gaeilge.

Ionadaithe arna n-ainmniú ag na clubanna—

i) Suas le triúr ó gach club (ní mór beirt acu a bheith ina gceannairí agus ina ndaoine fásta);

2.1 Déanfaidh Ceannairí, Saorálaithe agus comhaltaí de chuid Ógras, a bheidh os cionn 16 bliana d'aois, ionadaíocht ar dhaoine atá i gclubanna de chuid Ógras agus grúpaí Sainleasa de chuid Ógras, agus cibé club/ cumann eile a gcinnfidh na Stiúrthóirí orthu ó am go ham faoi réir na rialachán a dhéanfaidh na Stiúrthóirí a shocrú. Beidh líon nach mó ná triúr Ceannairí Sainnithe ina gcomhaltaí.

2.2 Déanfaidh Ceannairí agus Saorálaithe de chuid Óg-Ógras ionadaíocht ar dhaoine atá i gclubanna Óg-Ógrais faoi réir rialachán a dhéanfaidh na Stiúrthóirí a shocrú. Beidh líon nach mó ná triúr ceannairí Óg-Ógrais ina gcomhaltaí.

2.3 Conradh na Gaeilge—
suas le triúr arna n-ainmniú ag Conradh na Gaeilge.

2.4 Ach amháin mar leagtar amach sna hAirteagail seo, déanfar gach earnáil agus aicme comhaltaí a thoghadh de réir cibé modh, agus do cibé tréimhse agus faoi cibé téarma agus coinníoll a dhéanfaidh na Stiúrthóirí a ordú i bhfodhlíthe ó am go ham.

**CEARTA COMHALTAÍ**
Beidh Comhaltaí i dteideal fógra a fháil faoi gach uile Chruinniú Ginearálta na Cuideachta agus freastal ar an gcruinniú agus vóta a thabhairt aige;

3) Scarfar le ballraíocht sa Chuideachta —

3.1 ar bhás nó ar fhéimheacht an chomhalta;

3.2 más rud é go scoirfidh an comhalta trí fhógra i scríbhinn chun na cuideachta;

3.3 más rud é go mbeartóidh na Stiúrthóirí go bhfuil deireadh á chur le ballraíocht duine ar bhonn:

(a) go bhfuil mícháil tarraingthe ag iompar nó gníomhartha an duine sin ar dhea-ainm na Cuideachta;

(b) go bhfuil mainnithe ag an duine glacadh le prionsabail agus polasaithe na Cuideachta nó iad a chur chun cinn;

(c) go bhfuil an duine tar éis éirí as bheith rannpháirteach go gníomhach in imeachtaí na Cuideachta;

(d) nó ar bhonn cibé cúiseanna eile i dtuairim na Stiúrthóirí gur den chóir é go scarfar le ballraíocht agus go dtabharfar fógra i scríbhinn faoi chinneadh den sórt sin don duine sin i bpost a bheidh réamhíoctha agus chuig an seoladh atá tugtha ar an gclár ballraíochta.

3.4 ar an modh a bheidh sonraithe ag na Stiúrthóirí i bhfodhlíthe ó am go ham.

4) Is cearta pearsanta a bheidh ag gach comhalta agus ní bheidh siad inaistrithe, in-tarchurtha ná inmhuir, trí ghníomhú an chomhalta féin, trí oibriú dlí ná i slí eile.

**CRUINNITHE GINEARÁLTA**

5. Tionólfaidh an Chuideachta, gach bliain, Cruinniú Ginearálta mar Chruinniú Ginearálta Bliantúil na Cuideachta, i dteannta aon chruinnithe eile sa bhliain sin, agus sonróidh sí an cruinniú amhlaidh sna fógraí á ghairm; agus ní bheidh thar 15 mhí idir dáta aon Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil áirithe agus dáta an chéad Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil ina dhiaidh.

6. Is in Éirinn a thionólfar gach cruinniú ginearálta den Chuideachta (an Cruinniú Ginearálta Bliantúil san áireamh) agus ag cibé am agus áit a shocróidh na Stiúrthóirí.

7. Tabharfar Cruinniú Ginearálta Urghnách ar gach cruinniú ginearálta nach Cruinniú Ginearálta Bliantúil.

8. Féadfar a cheadú do cibé ball den phobal a gcinneann na Stiúrthóirí orthu freastal ar aon Chruinniú Ginearálta den Chuideachta.

a) Más rud é tráth ar bith nach mbeidh leorlíon stiúrthóirí a bheidh inniúil ar ghníomhú chun córam a dhéanamh, féadfaidh Stiúrthóir ar bith de chuid na Cuideachta, nó comhalta ar bith den Chuideachta, cruinniú ginearálta urghnách a chomóradh ar an modh céanna, chomh fada agus is féidir, leis an modh ina bhféadfaidh na Stiúrthóirí cruinnithe a chomóradh..

b) Má fhaightear foréileamh ó chomhalta amháin nó níos mó den Chuideachta ag a mbeidh ar dháta an fhoréilimh a thaisceadh ceart vótála ag cruinnithe ginearálta na cuideachta, a ionannóidh an deichiú cuid ar a laghad de chearta vótála uile na gcomhaltaí uile, ag a mbeidh ar an dáta sin ceart vótála ag cruinnithe ginearálta den Chuideachta, rachaidh Stiúrthóirí na Cuideachta láithreach bonn i gceann

cruinniú urghnách ginearálta den Chuideachta a chomóradh go cuí.

c) Ní foláir cuspóirí an chruinnithe a bheith luaite san fhoréileamh agus é a bheith sínithe ag na foréilitheoirí agus é a thaisceadh in oifig chláraithe na Cuideachta, agus féadfaidh doiciméíd éagsúla san fhoirm chéanna a bheith ann agus gach ceann acu sínithe ag foréilitheoir amháin nó níos mó.

d) Mura rachaidh na stiúrthóirí, laistigh de 21 lá ó dháta an fhoréilimh a thaisceadh, i gceann cruinniú a chomóradh go cuí a bheidh le tionól laistigh de 2 mhí ón dáta sin ("dáta an fhoréilimh"), féadfaidh na foréilitheoirí, nó aon chuid acu a ionannóidh níos mó ná leath na gceart vótála uile atá acu go léir, cruinniú a chomóradh iad féin, ach ní dhéanfar aon chruinniú a chomórfar amhlaidh a thionól tar éis 3 mhí a bheith caite ón dáta sin.

e) Aisíocfaidh an chuideachta leis na foréilitheoirí aon chaiteachais réasúnacha a bhí ar na foréilitheoirí toisc gur mhainnigh na stiúrthóirí cruinniú a chomóradh go cuí, agus déanfaidh an Chuideachta aon suim a aisíocfar amhlaidh a choinneáil as aon suimeanna a bheidh dlite nó le teacht chun bheith dlite ón gcuideachta i bhfoirm táillí nó luach saothair eile i leith a seirbhísí do na stiúrthóirí sin a rinne mainneachtain.

9. Féadfaidh na Stiúrthóirí, aon uair is cuí leo é, Cruinniú Ginearálta Urghnách a chomóradh, agus déanfar Cruinnithe Ginearálta Urghnácha a chomóradh freisin arna bhforéileamh, mar a fhoráiltear le halt 178 den Acht.

10. Faoi réir ailt 181 agus 193 den Acht, déanfar Cruinniú Ginearálta Bliantúil, agus cruinniú a ghairfear chun Rún Speisialta a rith, a ghairm le fógra 21 lá ar a laghad i scríbhinn, agus gairfear cruinniú den chuideachta (seachas Cruinniú Ginearálta Bliantúil nó cruinniú chun Rún Speisialta a rith) le fógra 7 lá ar a laghad i scríbhinn. Ní áireofar sa tréimhse don fhógra an lá a sheirbheálfar é nó a mheasfar é a sheirbheáil ná an lá dá dtabharfar é, agus sonróidh sé áit, lá agus am an chruinnithe agus, i gcás gnó speisialta, an cineál gnó atá ann go ginearálta, agus tabharfar é, ar an modh a luaitear anseo ina dhiaidh seo, do na daoine a bheidh, faoi Airteagail na Cuideachta, i dteideal na fógraí sin a fháil ón gCuideachta, nó den líon sin díobh atá foráilte san Acht i gcás cruinnithe seachas Cruinnithe Ginearálta Bliantúil. Féadfar cruinniú a

chomóradh le cibé fógra is cuí le na Comhaltaí.

## FÓGRA FAOI CHRUINNITHE GINEARÁLTA

11. Déanfar cruinniú de chuid na Cuideachta, seachas cruinniú atrátha a ghairm—

(a) i gcás an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil nó Cruinniú Ginearálta Urghnách chun rún speisialta a rith, le fógra nach lú ná 21 lá;

(b) i gcás aon chruinnithe ghinearálta urghnách eile, le fógra nach lú ná 7 lá.

12. Measfar go ndearnadh cruinniú den Chuideachta a ghairm go cuí, d'ainneoin é a ghairm le fógra is giorra ná mar a shonraítear in Airteagal 22 má chomhaontaítear amhlaidh—

(a) ag na comhaltaí go léir a bheidh i dteideal bheith i láthair agus vótáil aige; agus

(b) ag iniúchóirí na cuideachta mura bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ceaptha go fóill i ngeall go raibh fáil ag an gCuideachta ar an díolúine iniúchta.

13. I gcás ina dtabharfar fógra faoi chruinniú, trí é a sheoladh le gnáthphost agus é réamhíoctha, chuig seoladh cláraithe comhalta, ansin, chun críocha aon cheist faoi ar tugadh nó nár tugadh an tréimhse cheart fógra, measfar an fógra a bheith tugtha ar thréimhse 24 uair a chloig a bheith caite i ndiaidh é a sheoladh.

14. Le linn a chinneadh ar tugadh an tréimhse cheart fógra faoi chruinniú, ní áireofar an lá a sheirbheálfar é ná lá an chruinnithe dá dtabharfar é.

15. Sonróidh an fógra faoi chruinniú:

(a) áit, lá agus am an chruinnithe;
(b) an cineál gnó go ginearálta atá le déanamh ag an gcruinniú;
(c) i gcás rúin speisialta a bheartófar, téacs nó substaint an rúin speisialta sin; agus

16. Má tharlaíonn de thionóisc nach dtabharfar fógra faoi chruinniú d'aon duine a bheidh i dteideal fógra a fháil, nó nach bhfaighidh sé nó sí fógra faoi, ní chuirfidh sin na himeachtaí ag an gcruinniú ó bhail.

17. Má tharlaíonn de thionóisc nach dtabharfar fógra faoi chruinniú d'aon duine a bheidh i dteideal fógra a fháil, nó nach bhfaighidh sé nó fógra faoi, ní chuirfidh sin na himeachtaí ag an gcruinniú ó bhail.

**NÓSANNA IMEACHTA AG CRUINNITHE GINEARÁLTA**

18. Measfar gur gnó speisialta an gnó uile a dhéanfar ag Cruinniú Ginearálta Urghnách, agus freisin an gnó uile a dhéanfar ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil, taobh amuigh de na cuntais airgeadais agus tuarascálacha na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí a bhreithniú, Stiúrthóirí a thoghadh nó a cheapadh in ionad na stiúrthóirí a bheidh ag scor, na hiniúchóirí a bheidh ag scor a athcheapadh agus luach saothair na n-iniúchóirí a shocrú.

19. Ní dhéanfar gnó ar bith ag aon Chruinniú Ginearálta mura mbíonn córam 12 comhalta i láthair nuair a rachaidh an cruinniú i mbun gnó. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt i rialachán 20 thíos is córam tromlach na gComhalta a bheidh i láthair go pearsanta.

20. Más rud é, faoi cheann leathuair a chloig ón am a ceapadh don chruinniú, nach mbeidh córam i láthair, beidh an cruinniú ar scor más ar fhoréileamh ó chomhaltaí a comóradh é; in aon chás eile beidh sé ar atráth go dtí an lá céanna an tseachtain dár gcionn, ag an am céanna agus san áit chéanna nó go dtí cibé lá eile agus cibé am agus áit eile a chinnfidh na Stiúrthóirí, agus más rud é, ag an gcruinniú atrátha, nach mbeidh córam i láthair faoi cheann leathuair a chloig ón am a ceapadh don chruinniú, déanfaidh na comhaltaí a bheidh i láthair córam.

21. Is é Cathaoirleach, más ann, na Cuideachta a bheidh i gceannas mar chathaoirleach ag gach Cruinniú Ginearálta den Chuideachta, nó mura mbeidh aon chathaoirleach den sórt sin ann, nó mura mbeidh sé nó sí i láthair faoi cheann 15 nóiméad tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, nó mura mbeidh sé nó sí toilteanach gníomhú, toghfaidh na Stiúrthóirí a bheidh i láthair duine dá líon féin chun bheith ina c(h)athaoirleach ar an gcruinniú. Más rud é ag cruinniú ar bith nach mbeidh aon Stiúrthóir toilteanach gníomhú mar chathaoirleach, nó nach mbeidh aon Stiúrthóir i láthair faoi cheann 15 nóiméad tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, roghnóidh na Comhaltaí a bheidh i láthair duine dá líon féin chun bheith ina c(h)athaoirleach ar an gcruinniú.

22. Féadfaidh an Cathaoirleach, le toiliú aon Chruinnithe Ghinearálta a mbeidh córam i láthair aige, agus déanfaidh sé má ordaíonn an cruinniú amhlaidh, an cruinniú a atráthú ó am go ham agus ó áit go hait, ach ní dhéanfar ag aon chruinniú atrátha aon ghnó seachas an gnó a fágadh gan críochnú ag an gcruinniú óna ndearnadh an t-atráthú. I gcás cruinniú a atráthú go ceann 30 lá

nó níos mó, tabharfar fógra faoin gcruinniú atrátha mar a dhéanfaí i gcás cruinniú bunaidh. Ach amháin mar a dúradh ní gá aon fhógra a thabhairt faoi atráthú ná faoin ngnó a bheidh le déanamh ag cruinniú atrátha.

23. Ag aon Chruinniú Ginearálta déanfar rún a chuirfear faoi vóta an chruinnithe a chinneadh le taispeáint lámh ach amháin i gcás vótaíocht a éileamh (roimh an taispeáint lámh nó tar éis a thoradh a fhógairt) —

23.1 ag an gCathaoirleach; nó

23.2 ag cúig chomhalta ar a laghad a bheidh i láthair go pearsanta.

24. Mura rud é go n-éileofar vótaíocht amhlaidh, beidh dearbhú ón gCathaoirleach go ndearnadh, ar thaispeáint lámh, rún a rith, nó é a rith d'aonghuth nó ag tromlach áirithe, nó a chailleadh, agus taifead sa chéill sin sa leabhar ina gcoimeádtar na miontuairiscí ar imeachtaí na Cuideachta, ina fhianaise dhochloíte go ndearnadh amhlaidh, gan cruthúnas ar líon nó cionúireacht na vótaí a tugadh i bhfabhar nó i gcoinne an rúin sin.

25. Féadfar an t-éileamh ar vótaíocht a tharraingt siar.

26. Ach amháin mar a fhoráiltear i rialachán 22, má éilítear vótaíocht go cuí glacfar an vótaíocht i cibe slí a ordóidh Cathaoirleach an chruinnithe, agus measfar gurb é toradh na vótaíochta rún an chruinnithe ag ar éilíodh an vótaíocht.

27. I gcás comhionannas vótaí, cibé acu ar thaispeáint lámh nó ar vótaíocht é, beidh teideal ag cathaoirleach an chruinnithe, a ndéanfar an taispeáint lámh nó a n-éileofar an vótaíocht aige, chun an dara vóta nó vóta réitigh a thabhairt.

28. Má éilítear vótaíocht ar thoghadh cathaoirligh nó ar cheist faoi atráthú, glacfar an vótaíocht láithreach. I gcás vótaíocht a éileamh ar aon cheist eile, glacfar an vótaíocht cibé am a ordóidh cathaoirleach an chruinnithe, agus féadfar dul ar aghaidh le haon ghnó, seachas an gnó ar éilíodh vótaíocht air, go dtí go nglacfar an vótaíocht.

29. Faoi réir alt 193 den Acht, beidh rún i scríbhinn arna shíniú ag na Comhaltaí go léir chomh bailí agus dá mbeadh sé arna rith ag Cruinniú Ginearálta de chuid na Cuideachta a comóradh agus a tionóladh go cuí agus má thuairiscítear gur Rún Speisialta é measfar gur Rún Speisialta é de réir brí an Achta.

## VÓTAÍ COMHALTAÍ

30. Beidh gach Comhalta i dteideal vóta a thabhairt ach gan dochar d'fhorálacha na nAirteagal seo maidir le toghadh Stiúrthóirí. Beidh vóta amháin ag gach Comhalta.

31. Ní dhéanfar aon agóid i gcoinne cáilíocht aon vótálaí ach amháin ag an gcruinniú, nó ag an gcruinniú atrátha, a dtabharfar nó a dtairgfear an vóta aige, agus beidh gach vóta nach ndícheadófar ag an gcruinniú sin ina vóta bailí chun gach críche. Aon agóid den sórt sin a dhéanfar i dtráth cuí, cuirfear faoi bhráid chathaoirleach an chruinnithe é agus beidh a c(h)inneadh sin ina chinneadh críochnaitheach dochloíte.

32. Ní fhéadfaidh Comhaltaí vótaí a thabhairt ach go pearsanta.

## STIÚRTHÓIRÍ

33. Bunófar Bord a bheidh comhdhéanta mar seo a leanas:–

33.1 Comhalta amháin ar a laghad agus gan níos mó ná triúr comhaltaí as measc Cheannairí Chlubanna Ógrais a thoghfar ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil;

33.2 Comhalta amháin ar a laghad agus gan níos mó ná triúr comhaltaí as measc Cheannairí agus Shaorálaithe Chlubanna Óg-Ógrais a thoghfar ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil;

33.4 Uachtarán Chonradh na Gaeilge nó a (h)ionadaí agus beirt eile a dtoghfar iad ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge;

33.5 Cathaoirleach a bhfuil a t(h)éarma oifige imithe in éag, leanfaidh sé nó sí de bheith in b(h)all den Bhord ó dheireadh an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil sin ag a dtéann a t(h)éarma oifige in éag, go dtí deireadh an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil an bhliain dár gcionn;

33.6 Dhá chomhalta a dhéanfar a thoghadh, ó dheireadh an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil ag a dtoghfar iad go dtí deireadh an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil an bhliain dár gcionn, tabharfar fógra dóibh faoi chruinnithe den Bhord agus beidh siad i láthair ag na cruinnithe mar bhreathnadóirí, agus más rud é i rith an téarma sin go slánaíonn breathnadóir ocht mbliana déag d'aois (18) déanfar comhalta de nó di go huathoibríoch.

34. Ní bheidh líon níos mó ná ceathrar déag (14) Stiúrthóir i gceist mura gcinneann agus go dtí go gcinneann na comhaltaí a mhalairt ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.

35. Measfar na chéad Stiúrthóirí den Chuideachta a bheith ceaptha de bhun alt 25 den Acht agus scoirfidh siad ag an gcéad Chuinniú Ginearálta Bliantúil, agus beidh siad cáilithe lena dtoghadh.

36. Déanfaidh na Stiúrthóirí gnó na Cuideachta a bhainistí, agus féadfaidh siad gach uile chaiteachas faoina rachfar ag tionscnamh agus ag clárú na cuideachta a íoc, agus féadfaidh siad gach cumhacht de chuid na Cuideachta a fheidhmiú nach cumhacht a gceanglaítear, leis an Acht nó leis na hAirteagail seo, í a bheith le feidhmiú ag an gCuideachta i gcruinniú ginearálta, ach, ar a shon sin, faoi réir aon Airteagal acu seo, faoi réir fhorálacha an Achta agus cibé treoracha, nach mbeidh ar neamhréir leis na rialacháin nó leis na forálacha sin, a thabharfaidh an Chuideachta i gcruinniú ginearálta (trí rún speisialta). Ní chuirfidh aon treoir den sórt sin a thabharfaidh an Chuideachta i gcruinniú ginearálta aon ghníomh a rinne na Stiúrthóirí roimhe sin ó bhail más gníomh é a bheadh bailí dá mba nár tugadh an treoir sin.

37. Gan dochar d’alt 40 den Acht, féadfaidh na Stiúrthóirí aon chumhachtaí dá gcuid a tharmligean chun cibé duine nó daoine agus chun cibé coistí is cuí leis na Stiúrthóirí; aon choiste a bhunófar amhlaidh déanfaidh sé, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tharmligfear amhlaidh, aon rialacháin a chomhlíonadh a chuirfidh na Stiúrthóirí de chúram ar an gcoiste.

## CUMHACHTAÍ ATURNAE

38.Féadfaidh an Chuideachta duine ar bith a chumhachtú, go ginearálta nó i leith aon nithe a shonrófar, mar aturnae di, chun gníomhais a fhorghníomhú nó chun aon cheist eile a dhéanamh thar a ceann in aon áit cé acu taobh istigh nó taobh amuigh den Stát. Beidh gníomhas a bheidh sínithe ag an aturnae sin thar ceann na Cuideachta agus a bheidh faoina shéala ina cheangal ar an gCuideachta agus beidh éifeacht aige ionann is dá mbeadh sé faoi ghnáthshéala na cuideachta.

## CUMHACHTAÍ CHUN IASACHT A FHÁIL

39. Féadfaidh na Stiúrthóirí na cumhachtaí uile a fheidhmiú a bheidh ag an gCuideachta chun airgead a fháil ar iasacht, agus chun a gnóthas, a maoin agus a caipiteal neamhghlaoite, nó aon chuid den chéanna, a mhorgáistiú nó a mhuirearú, agus chun bintiúir, stoc bintiúir agus urrúis eile a eisiúint, go glan amach nó mar urrús ar aon fhiach, dliteanas nó oibleagáid de chuid na cuideachta nó aon tríú páirtí.

## CUMHACHTAÍ AGUS DUALGAIS STIÚRTHÓIRÍ

40. Déanfaidh suibscríobhaithe bhunreacht na Cuideachta, nó tromlach de na suibscríobhaithe sin, líon na stiúrthóirí agus ainmneacha na gcéad stiúrthóirí a chinneadh i scríbhinn agus tabharfar fógra don Oifig um Chlárú Cuideachtaí de bhun alt 22 den Acht.

41. Ceathrar déag (14) a bheidh mar uaslíon uasta Stiúrthóirí agus triúr (3) a bheidh mar íoslíon.

42. Féadfaidh na Stiúrthóirí, dá rogha féin, a cheadú do cibé duine is cuí leo freastal ar chruinniú de Bhord na Stiúrthóirí (“an Bord”) i gcáil chomhairleach agus i gcáil sainchomhairleach ar an gcoinníoll nach mbeidh cead vótála ag aon duine den sórt sin ag cruinnithe den sórt sin agus go mbeidh sé aontaithe ag cruinniú den Bhord roimh ré.

42.1 Féadfaidh na Stiúrthóirí, da rogha féin, duine nó daoine le saineolas agus nó taithí chuí, a chomhthoghadh, mar Stiúrthóirí, ar an Bhord Stiúrtha le cinntiú go bhfuil sé ar chumas an Bhord á ndualgais rialachais agus reachtaíochta a chomhlíonadh.’

43. Ní bheidh aon luach saothair iníoctha le na Stiúrthóirí, ach féadtar na costais réasúnacha sin a íoc leis na Stiúrthóirí a thabhaíonn siad go cuí i bhfreastal ar agus i bhfilleadh ó chruinnithe na Stiúrthóirí nó aon choiste de chuid na Stiúrthóirí nó aon chruinnithe ginearálta de chuid na Cuideachta nó a bhaineann le gnó na Cuideachta ar bhealach eile agus ar an gcoinníoll go soláthraítear deimhniú cuí ar na costais sin.

44. Déanfaidh an Chuideachta a dicheall an líon is mó daoine óga dár féidir a chur chun cinn le bheith rannpháirteach ina heagraíocht. Chun na críche sin féachfaidh sí go gníomhach, i gcomhréir leis an reachtaíocht um comhionannas, daoine óga agus go háirithe iad siúd a mbeidh cúig bliana is fiche (25) d’aois, agus faoina bhun, slánaithe acu a chur ar aghaidh chuig postanna ceannaireachta sa Chuideacha agus ar an mBord.

## DÍCHÁILIÚ STIÚRTHÓIRÍ

45. Scarfar le hoifig stiúrthóra i gcás an stiúrthóir—

a. a shealbhaíonn aon oifig nó post sochair eile sa Chuideachta; nó
b. a b(h)reithniú ina f(h)éimheach sa Stát nó i dTuaisceart Éireann nó sa Bhreatain Mhór nó é nó í do dhéanamh aon chomhshocraíochta nó imshocraíochta lena chreidiúnaithe i gcoitinne; nó
c. a theacht faoi thoirmeasc chun bheith ina stiúrthóir de bhíthin aon ordaithe cúirte; nó

d. a éirí mímheabhrach; nó
e. a c(h)iontú i gcion indíotáilte mura gcinnfidh na stiúrthóirí a mhalairt; nó más rud é gur inmheasta ó eolas arna sholáthrú ag údarás inniúil faoi iompar an duine roimhe sin go measfar nach n-oirfeadh don duine sin oifig a shealbhú in eagraíocht a bhíonn ag obair le páistí agus le daoine óga, nó
f. a bheith ina d(h)uine a bhfuil leas aige nó aici, go díreach nó go neamhdhíreach, in aon chonradh leis an gCuideachta agus nach gcuirfidh sé nó sí in iúl cad é an cineál leasa é mar a cheanglaítear le halt 231 den Acht; nó
g. mura bhfuil sé nó sí sásta Gaeilge a labhairt, nó
h. a bheith, ar feadh níos mó ná 6 mhí, as láthair gan cead na stiúrthóirí ó chruinnithe de na Stiúrthóirí a thionólfar i rith na tréimhse sin.
i. I dteannta na n-imthosca atá leagtha amach in alt 148(2) den Acht, scarfar le hoifig Stiúrthóra más rud é go scoirfidh Stiúrthóir de bheith cáilithe le haghaidh phost an iontaobhaí carthanais de bhua alt 55 den Acht Carthanas, 2009.

**VÓTÁIL AR CHONARTHAÍ**

46. Ní vótálfaidh Stiúrthóir i leith aon chonartha ina mbeidh leas aige nó aici amhlaidh nó aon ábhar a leanann astu sin.

**SCOR NÓ CUR AS OIFIG STIÚRTHÓIRÍ**

47. Na comhaltaí den Bhord a dtagraítear dóibh i rialacháin [33.1, 33.2 agus 33.3] (a ngairtear "Comhalta tofa den Bhord" de gach duine acu anseo ina dhiaidh seo), déanfar iad a thoghadh ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a thionólfar gach bliain. Beidh siad i seilbh oifige ar feadh tréimhse bliana dar críoch ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil. Féadfar comhalta den Bhord a bheidh ag scor dá (h)oifig a atoghadh. Comhalta tofa den Bhord a mbeidh dhá thréimhse seirbhíse tugtha aige nó aicí, scoirfidh ("Scor") sé nó sí de bheith cáilithe d'atoghadh go dtí an dara Cruinniú Ginearálta Bliantúil i ndiaidh scoir, agus, air sin, má dhéantar é nó í a atoghadh beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh tréimhse dar críoch an dara Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus, air sin, scoirfidh sé nó sí go huathoibríoch.

48. Na breathnadóirí ar tagraíodh dóibh in Airteagal [33.6], comhaltaí ionadacha an Phainéil Thagartha a bheidh iontu agus is iad comhaltaí an Phainéil Thagartha a dhéanfaidh iad a thoghadh ag Cruinniú Ginearálta na Cuideachta a thionólfar gach aon bhliain. Ar a dtéarma oifige a theacht chun críche, ní bheidh siad cáilithe d'atoghagh.

49. Is é an duine a bheidh mar Chathaoirleach ar an gCuideachta arna inchorprú, an duine a bheidh i seilbh oifige chathaoirligh an chumainn

neamhinchorpraithe dár aithnid Ógras, agus sealbhóidh an duine sin oifig go mbeidh deireadh le chéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil na Cuideachta. Toghfaidh na Comhaltaí Cathaoirleach as measc na stiúrthóirí ag chéad Chruinniú Ginearálta na Cuideachta agus gach bliain as sin amach. I gcás go mbeidh téarma oifige trí bliana seirbhíse tugtha ag Cathaoirleach, faoi dhó scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe d'athcheapadh mar Chathaoirleach ("Scor") go dtí an Cruinniú Bliantúil Ginearálta trí bliana i ndiaidh an scoir agus, air sin, má atoghfar é nó í beidh sé nó sí in oifig ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana. Leanfaidh na forálacha maidir le scor agus athcheapadh d'fheidhm a bheith acu *seriatim.*

50. Féadfaidh an Chuideachta, le Gnáthrún na gComhaltaí dár tugadh fógra fadtréimhse faoi de réir fhorálacha an Achta, Stiúrthóir ar bith a chur as oifig roimh dheireadh a t(h)réimhse oifige d'ainneoin aon ní sna hAirteagail seo nó in aon chomhaontú idir an Chuideachta agus an Stiúrthóir sin.

51. Féadfaidh an Chuideachta, le gnáthrún, duine eile a cheapadh in ionad Stiúrthóra a cuireadh as oifig faoi rialachán [45].

52. Beidh de chumhacht ag na Stiúrthóirí, am ar bith agus ó am go ham, duine ar bith a cheapadh ina Stiúrthóir, chun corrfholúntas a líonadh nó de bhreis ar na Stiúrthóirí láithreacha, ach sa dóigh nach mbeidh an líon iomlán Stiúrthóirí níos mó tráth ar bith ná an líon a bheidh socraithe de réir na rialachán seo. Aon Stiúrthóir a cheapfar amhlaidh ní bheidh sé nó sí i seilbh oifige ach go dtí an chéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil ina dhiaidh sin, agus féadfar é nó í a atoghadh ansin, ach ní chuirfear san áireamh é nó í nuair a bheidh na Stiúrthóirí a bheidh le scor de réir uainíochta ag an gcruinniú sin á gcinneadh.

53. Scarfaidh Stiúrthóir le hoifig stiúrthóra i gcás an Stiúrthóir

53.l a éirí as a (h)oifig trí fhógra i scríbhinn chun na Cuideachta; nó

53.2 a éirí mímheabhrach; nó

53.3 a bhreithniú ina f(h)éimheach sa Stát nó i dTuaisceart Éireann nó sa Bhreatain Mhór nó é nó í do dhéanamh aon chomhshocraíochta lena c(h)reidiúnaithe i gcoitinne; nó

53.4 a bheith ina dhuine a bhfuil leas aige nó aici go díreach nó go neamhdhíreach in aon chonradh leis an gCuideachta agus nach gcuirfidh sé nó sí in iúl cad é an cineál leasa é mar a cheanglaítear le halt 231 den Acht mura gcinnfidh na Stiúrthóirí a mhalairt.

53.5 a éirí as bheith ina chomhalta den Chuideachta; nó

53.6 a éirí as bheith ina c(h)omhalta de Chlub, nó de choiste de chuid Ógras, arb í a bhallraíocht ann a d’fhág incháilithe é nó í go dtoghfaí é nó í mar chomhalta den Chuideachta; nó

53.7 an club, an cumann nó grúpa de chuid Ógras, arb í a b(h)allraíocht ann a d’fhág incháilithe é nó í go dtoghfaí é nó í mar chomhalta den Chuideachta, a éirí as bheith cleamhnaithe leis an gCuideachta, ar choinníoll áfach nach mbainfidh sé seo leis an duine is Cathaoirleach; nó

53.8 a éirí as a bheith cáilithe chun bheith i bpost iontaobhaí carthanais de bhrí alt 55(1) de Acht na gCarthanas 2009.

54. Féadfaidh gach aon Stiúrthóir téarma nach mó ná trí bliana seirbhíse a thabhairt faoi dhó.

55. Téarma oifige nach mó ná trí bliana a bheidh ag an Chisteoir, agus an Rúnaí agus ar an téarma sin a bheith tagtha chun críche, scoirfidh an duine nó na daoine lena mbaineann ar feadh tréimhse bliana ar a laghad. I ndiaidh scor bliana, beidh an duine nó na daoine sin cáilithe d’athcheapadh. Leanfaidh na forálacha maidir le scor agus athcheapadh d’fheidhm a bheith acu *seriatim.*

55.1 Féadfaidh an Cathaoirleach téarma nach mó ná trí bliana seirbhíse a thabhairt faoi dhó.

56. Féadfaidh an Chuideachta le gnáthrún ar tugadh fógra fadtréimhse faoi de réir alt 146 den Acht, Stiúrthóir ar bith a chur as oifig roimh dheireadh a t(h)réimhse oifige d'ainneoin aon ní sna hAirteagail Chomhlachais seo nó in aon chomhaontú idir an Chuideachta agus an Stiúrthóir sin. Beidh an cur as oifig sin gan dochar d'aon éileamh a bheadh ag an Stiúrthóir sin ar dhamáistí mar gheall ar aon chonradh seirbhíse idir é nó í féin agus an Chuideachta a shárú.

57. Féadfaidh an Chuideachta le gnáthrún duine eile a cheapadh in ionad Stiúrthóra a cuireadh as oifig faoi rialachán [56]. Gan dochar do chumhachtaí na Stiúrthóirí faoi rialachán [56], féadfaidh an Chuideachta i gcruinniú ginearálta duine ar bith a cheapadh ina stiúrthóir chun corrfholúntas a líonadh nó mar Stiúrthóir breise.

## UAINÍOCHT STIÚRTHÓIRÍ

58. Ag an gcéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil den Chuideachta, scoirfidh na Stiúrthóirí go léir dá n-oifig, agus ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil gach bliain ina dhiaidh sin scoirfidh trian de na Stiúrthóirí de thuras na huaire.

59. Na Stiúrthóirí a scoirfidh dá n-oifig gach bliain is iad na Stiúrthóirí iad is faide a bheidh i seilbh oifige ó toghadh go deireanach iad, ach i gcás daoine a tháinig chun bheith ina Stiúrthóirí an lá céanna déanfar (mura gcomhaontóidh siad eatarthu féin ar a mhalairt) na daoine a bheidh le scor a chinneadh le crannchur.

60. Féadfaidh an Chuideachta, ag an gcruinniú ag a scoirfidh Stiúrthóir ar an modh a dúradh, an oifig ar scaradh léi a líonadh trí dhuine a thoghadh chuici.

61. Cheal an Chuideachta é a dhéanamh, measfar an stiúrthóir a bheidh ag scor, má thairgeann sé nó í féin le haghaidh atoghadh, a bheith arna atoghadh mura rud é —

a. go gcinnfear go sainráite ag an gcruinniú sin gan an oifig sin ar scaradh léi a líonadh; nó

b. gur cuireadh rún go n-atoghfaí an stiúrthóir sin faoi bhráid an chruinnithe agus gur cailleadh air.

62. Ní bheidh duine ar bith, seachas Stiúrthóir a bheidh ag scor dá (h)oifig ag an gcruinniú, intofa d'oifig stiúrthóra ag aon chruinniú ginearálta, gan é nó í a bheith molta ag na Stiúrthóirí, mura rud é gur fágadh san oifig, 3 lá ar a laghad agus 21 lá ar a mhéad roimh an lá a bheidh ceaptha don chruinniú, fógra i scríbhinn, arna shíniú ag Comhalta a bheidh cáilithe go cuí chun bheith i láthair agus vótáil ag an gcruinniú dá dtabharfar an fógra sin, á rá go bhfuil ar intinn aige an duine sin a thairiscint chun a t(h)ofa, maraon le fógra i scríbhinn arna shíniú ag an duine sin go dtoilíonn sé nó sí lena t(h)oghadh.

63. Féadfaidh an Chuideachta ó am go ham, le gnáthrún, an líon Stiúrthóirí a mhéadú nó a laghdú agus féadfaidh sí freisin a chinneadh cad é an uainíocht ar dá réir a rachaidh an líon méadaithe nó laghdaithe as oifig.

**IMEACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ**

64. Féadfaidh na Stiúrthóirí teacht le chéile chun gnó a chur i gcrích, agus féadfaidh siad a gcruinnithe a atráthú agus a rialú thairis sin mar is cuí leo. Déanfar ceisteanna a éireoidh ag aon chruinniú a chinneadh le tromlach vótaí. I gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gCathaoirleach. Féadfaidh Stiúrthóir, agus déanfaidh an Rúnaí ar fhoréileamh ó Stiúrthóir, cruinniú de na Stiúrthóirí a ghairm tráth ar bith. Má bheartaíonn na Stiúrthóirí amhlaidh, ní gá fógra faoi chruinniú stiúrthóirí a thabhairt d'aon Stiúrthóir, ar a bhfuil cónaí sa Stát, má bhíonn sé nó sí as láthair de thuras na huaire ón Stát.

65. Féadfaidh na Stiúrthóirí an córam a shocrú a bheidh riachtanach chun gnó na stiúrthóirí a dhéanamh, agus mura socraítear amhlaidh é is triúr an córam is lú a ghlactar leis. Féadfaidh tromlach na Stiúrthóirí atá i láthair ag an gcruinniú córam a shocrú is gá chun gnó na Stiúrthóirí a riar, agus muna socraítear amhlaidh, is é an córam ná triúr.

66. Féadfaidh na Stiúrthóirí leanúnacha gníomhú d'ainneoin aon fholúntais ina líon ach, má bhíonn agus fad a bheidh a líon faoi bhun an líon a socraíodh, le na hAirteagail Chomhlachais seo nó dá mbun, mar chóram riachtanach stiúrthóirí, féadfaidh na Stiúrthóirí leanúnacha nó an Stiúrthóir leanúnach gníomhú chun an líon stiúrthóirí a mhéadú go dtí an líon sin nó chun cruinniú ginearálta den Chuideachta a ghairm ach ní fhéadfaidh siad gníomhú chun aon chríche eile.

67. Más rud é ag aon chruinniú nach mbeidh an Cathaoirleach i láthair faoi cheann 5 nóiméad tar éis an ama a ceapadh chun an cruinniú a thionól, féadfaidh na Stiúrthoirí a bheidh i láthair duine dá líon féin a roghnú chun bheith ina C(h)athaoirleach ar an gcruinniú.

68. Féadfaidh na Stiúrthóirí aon chumhachtaí dá gcuid a tharmligean chun coistí ar a mbeidh cibé comhalta nó comhaltaí den Bhord is cuí leis na stiúrthóirí; aon choiste a bhunófar amhlaidh déanfaidh sé, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tharmligfear amhlaidh, aon rialacháin a chomhlíonadh a chuirfidh na Stiúrthóirí de chúram ar an gcoiste.

69. Féadfaidh coiste teacht le chéile, le caoinchead na Stiúrthóirí agus dul ar atráth mar is cuí leis. Déanfar ceisteanna a éireoidh ag aon chruinniú a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair, agus i gcás comhionannas vótaí beidh an dara vóta i.e. vóta réitigh ag an gCathaoirleach.

70. Gach gníomh a dhéanfaidh aon chruinniú de na Stiúrthóirí nó de choiste Stiúrthóirí nó aon duine a bheidh ag gníomhú mar Stiúrthóir, beidh sé, d'ainneoin fios a fháil ina dhiaidh sin go raibh locht éigin ar cheapadh aon Stiúrthóra den sórt sin nó aon duine a bheidh ag gníomhú mar a dúradh, nó go raibh siad go léir nó aon duine acu dícháilithe, chomh bailí agus dá mbeadh gach duine den sórt sin arna cheapadh go cuí agus cáilithe chun bheith ina Stiúrthóir.

71. Beidh rún i scríbhinn arna shíniú ag na Stiúrthóirí go léir a bheidh de thuras na huaire i dteideal fógra a fháil faoi chruinniú de na stiúrthóirí chomh bailí agus dá mbeadh sé arna rith ag cruinniú de na stiúrthóirí a comóradh agus a tionóladh go cuí.

72. Cruinniú Stiúrthóirí nó cruinniú coiste dár bhunaigh na Stiúrthóirí, féadfaidh sé a bheith ina chomhdháil idir roinnt de na Stiúrthóirí nó idir iad go léir, nó de réir mar a bheidh, idir comhaltaí an choiste agus gan iad go léir a bheith ar an aon láthair amháin, ach go bhféadfaidh gach aon duine acu (go díreach nó trí mheán teileafóin, nó trí mheán físchumarsáide nó meán leictreonach eile) labhairt le gach aon duine eile, agus go bhféadfaidh gach aon duine acu a chéile a chloisteáil agus—

(a) an Stiúrthóir nó comhalta den choiste a bhíonn rannpháirteach i gcomhdháil den sórt sin, measfar é nó í a bheith i láthair go pearsanta agus beidh sé nó sí, dá réir sin, i dteideal vóta a thabhairt agus é nó í a áireamh do chóram; agus

(b) measfar cruinniú den sórt sin a bheith ar bun –

ar an láthair ina mbeidh tionólta an grúpa is mó díobh siúd atá rannpháirteach sa chomhdháil;

más rud é nach ann do ghrúpa den sórt sin, ar an láthair ina mbeidh Cathaoirleach an chruinnithe ag an am;

mura mbaineann fo-pharagraf (i) ná (ii) le cás ar cibé láthair a shocróidh an cruinniú é féin.

## AN RÚNAÍ

73. Déanfaidh na Stiúrthóirí an Rúnaí a cheapadh go ceann cibé tréimhse agus ar cibé coinníollacha is cuí leo; agus féadfaidh siad aon rúnaí a cheapfar amhlaidh a chur as oifig.

74. Ní sásamh ar fhoráil den Acht nó de na hAirteagail seo a cheanglaíonn nó a údaraíonn rud a dhéanamh ag Stiúrthóir agus ag an Rúnaí, nó ina dtaobh, an rud sin a bheith déanta ag an duine céanna nó ina thaobh agus é ag gníomhú ina Stiúrthóir agus fós ina Rúnaí nó in ionad an Rúnaí.

**AN SÉALA**

75. Ní úsáidfear an séala ach le húdarás ó na Stiúrthóiri, nó ó choiste Stiúrthóirí a bheidh údaraithe chuige sin ag na Stiúrthóirí, agus déanfaidh Stiúrthóir gach ionstraim dá ngreamófar an séala a shíniú agus déanfaidh an Rúnaí, nó an dara Stiúrthóir nó duine éigin eile a bheidh ceaptha chuige sin ag na Stiúrthóirí, í a chomhshíniú.

**CUNTAIS**

76. Cuirfidh na Stiúrthóirí faoi deara go gcoimeádfar leabhair chuntais mar is cuí a bhainfidh—

a. leis na suimeanna airgid go léir a gheobhaidh agus a chaithfidh an Chuideachta agus leis na nithe a bhfuarthas agus ar caitheadh iad ina leith; agus
b. leis na hearraí uile a dhíolfaidh agus a cheannóidh an Chuideachta; agus
c. le sócmhainní agus dliteanais na Cuideachta.

77. Ní mheasfar leabhair a bheith á gcoimeád mar is cuí mura gcoimeádtar na leabhair chuntais is gá chun léargas fíorcheart agus cothrom a thabhairt ar staid chúrsaí na Cuideachta agus chun a hidirbhearta a mhíniú.

78. Coimeádfar na cuntais san oifig nó i cibé áit eile is cuí leis na Stiúrthóirí, agus beidh siad ar fáil gach tráth réasúnach chun a scrúdaithe ag na Stiúrthóirí.

79. Cinnfidh na Stiúrthóirí ó am go ham cé acu a bheidh agus cá mhéad a bheidh, agus cad iad na tráthanna agus na háiteanna a mbeidh, agus na coinníoliacha agus na rialacháin faoina mbeidh, cuntais agus leabhair na Cuideachta nó aon cheann díobh ar fáil chun a scrúdaithe ag comhaltaí, nach Stiúrthóirí, agus ní bheidh ceart ar bith ag aon chomhalta (nach Stiúrthóir) chun aon chuntas nó leabhar nó doiciméad de chuid na Cuideachta a scrúdú ach amháin ceart mar a thugtar le reacht nó mar a údaróidh na Stiúrthóirí nó an Chuideachta i gcruinniú ginearálta.

80. Cuirfidh na stiúrthóirí faoi deara ó am go ham, de réir ailt 272, 274, 288, 289, 290, 291, 293, 294, 296, 325, 326, 327, 331, 332 agus 341 den Acht, go n-ullmhófar, agus go leagfar faoi bhráid Chruinniú Ginearálta Bliantúil na Cuideachta, cibé cuntais sochair agus dochair, agus tuarascálacha is gá de réir na n-alt sin a ullmhú agus a leagan faoi bhráid Chruinniú Ginearálta Bliantúil na Cuideachta.

81. Déanfar cóip de chuntais, lena n-áirítear gach doiciméad is gá de réir dlí a bheith i gceangal leis a bheidh le leagan faoi bhráid Chruinniú Ginearálta Bliantúil na Cuideachta, maraon le cóip de Thuarascáil na Stiúrthóirí agus de Thuarascáil na n-Iniúchóirí, a chur, 21 lá ar a laghad roimh dháta an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil, go dtí gach duine a bheidh i dteideal iad a fháil faoi fhorálacha an Achta.

**INIÚCHADH**

82. Déanfar iniúchóirí a cheapadh agus a ndualgais a rialú de réir ailt 382 go 385 den Acht.

**FÓGRAÍ**

83. Féadfaidh an Chuideachta fógra a thabhairt d'aon chomhalta go pearsanta nó trína chur chuige nó chuici leis an bpost nó trí mheán leictreonach (mar a mhínítear in alt 2(1) den Acht) go dtí a s(h)eoladh cláraithe nó a s(h)eoladh ríomhphoist (nó, mura bhfuil an seoladh cláraithe amhlaidh, chuig an seoladh nó an seoladh riomhphoist is déanaí is fios don Chuideachta a bheith ag an gcomhalta).

84. Déanfar fógra faoi gach cruinniú ginearálta a thabhairt in aon slí dá n-údaraítear anseo roimhe seo—

a. do gach comhalta; agus

b. do gach duine ar ionadaí pearsanta do chomhalta é nó í, nó arb é nó í a S(h)annaí Oifigiúil i bhféimheacht, i gcás teideal a bheith ag an gcomhalta, murach a b(h)ás nó a f(h)éimheacht, chun fógra faoin gcruinniú a fháil; agus

c. d'Iniúchóir na Cuideachta de thuras na huaire.

d. Ní bheidh duine ar bith eile i dteideal fógra faoi chruinnithe ginearálta a fháil.

85. Is faoi choimirce Chonradh na Gaeilge a bunaíodh an eagraíocht neamhchorpraithe Ógras don chéad uair i 1969 agus roimh bhunú na Cuideachta seo bhí na hIontaobhaithe céanna ag Ógras agus ag Conradh na Gaeilge. Tá an chuideachta nua neamhspleách á bunú le toiliú agus le húdarás Chonradh na Gaeilge agus a chuid Iontaobhaithe le cúraimí Ógrais a bhainistí ón dáta seo ar aghaidh. Leis seo, déanann Conradh na Gaeilge agus Iontaobhaithe Chonradh na Gaeilge gach maoin dá gcuid a bhí in úsáid chun críche Ógrais ag tráth corpraithe na Cuideachta seo a aistriú chuig an gCuideachta go huile agus go hiomlán, idir réadas agus phearsantas. Is í an Chuideachta seo oidhre Chonradh na Gaeilge agus Iontaobhaithe Chonradh na Gaeilge ó thaobh gach dá mbaineann chun críocha Ógrais go hiomlán.

**AN GHAEILGE**

86. Is trí mheán na Gaeilge a dhéanfar gnó na Cuideachta.

Sinne, na daoine uile agus faoi seach a bhfuil a n-ainmneacha agus a seoladh scríofa acu anseo thíos, is mian linn go ndéanfaí cuideachta dínn de bhun an bhunreachta seo.

---

AINMNEACHA, SEOLTAÍ AGUS TUAIRISCÍ NA SÍNITHEOIRÍ

---

Brian Mac Suibhne, 11 An Pháirc Gleann Labhaoise,
Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara. W23 K527
Priomhóide Scoile

Carmel Ní Chiosóg Mhic Gabhann, Tóchair,
Baile Shéamais Dhuibh, An Cabhán.
Leabharlannaí

Tara Gunning, 12 Broadmeadow Road,
Cill Dhéagláin, Co. na Mí. A84 PP27
Mac-Léinn

Hannah Ní Chléirigh, 120 Glendale, Léim anBhradain,
Co. Chill Dara. W23 EX97
Mac Léinn

---

Arna dhátú an 10 lá de Feabhra 2018
Finné leis na sínithe anseo thuas: